# Cúrsa Gearr
# An Fhealsúnacht

## Sonraíocht le haghaidh sa tSraith Shóisearach

Meán Fómhair 2016

# Contents

Leathanach 3 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 4 **Réasúnaíocht**

Leathanach 5 **Aidhm**

Leathanach 6 **Forbhreathnú: Naisc**

An fhealsúnacht agus ráitis foghlama

Fealsúnacht agus príomhscileanna

Leathanach 9 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 24 **Measúnú agus tuairisciú**

Leathanach 25 **Measúnú Rangbhunaithe**

Leathanach 27 **Aguisín 1:**

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Leathanach 28 **Aguisín 2:**

Teimpléad pleanála

# Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc láidir leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le tionscnaíocht. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé sa bhunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

# Réasúnaíocht

Tá an gearrchúrsa seo san fhealsúnacht bunaithe ar fhiosrú ceisteanna móra, an suimiúla agus dúshlánacha ag eascairt as taithí laethúil an scoláire. Dá réir sin, cuireann an fhealsúnacht le tuiscint an scoláire air féin, ar a dhomhan agus an áit atá aige ann. Trí na ceisteanna a fhiosrú, tiocfaidh an scoláire ar na príomhréimsí fealsúnachta, cosúil le meitifisic (*Céard is ciall le bheith ar marthain?*), eipistéimeolaíocht (*Céard is eolas ann?*), aeistéitic (*Céard is áilleacht ann?*), fealsúnacht shóisialta agus pholaitiúil (*Cén cineál rialtais is fearr?*), eitic (*Céard é ceartas?*), srl. Tiocfaidh sé trasna chomh maith ar roinnt smaointeoirí, ón saol atá caite agus saol an lae inniu, a chuaigh i ngleic leo seo agus le ceisteanna móra eile.

Ach, leagtar béim sa ghearrchúrsa seo ar 'fealsúnacht a dhéanamh' agus ar na scileanna a theastaíonn don chomhrá fealsúnach: éisteacht go cúramach, smaointeoireacht chriticiúil, anailís chúramach, loighic, argóinteacht, réiteach fadhbanna comhoibritheach agus machnamh. Mar aon le scileanna smaointeoireachta a fhorbairt, cuidíonn an próiseas ina bhfoghlaimítear trí chomhrá leis an scoláire éirí níos muiníní chun a thuairim a chur in iúl agus níos measúla ar dhearcthaí éagsúla.

Is féidir leis an bhfealsúnacht cur le clár folláine sa tsraith shóisearach mar go gcuireann sé spás daonlathach ar fáil inar féidir glór gach duine a chloisteáil agus ina mothaíonn an scoláire go bhfuil meas air agus inar féidir leis fás i bhfeasacht air féin agus ar dhaoine eile.

# Aidhm

Tá sé mar aidhm ag an ngearrchúrsa fealsúnachta go mbeadh an scoláire páirteach i bhfiosrúchán agus i gcomhrá fealsúnach maidir le ceisteanna móra an tsaoil agus smaointeoirí criticiúla, cruthaitheacha, comhoibritheacha, comhbhácha a fhorbairt ar féidir leo páirt a ghlacadh i ndioscúrsa eolach agus feidhmiú sa domhan ar bhealach níos machnamhaí.

# Forbhreathnú: Naisc

Léiríonn Táblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí códú a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

## An fhealsúnacht agus ráitis foghlama

### Tábla 1: Naisc idir fealsúnacht na sraithe sóisearaí agus na ráitis foghlama

| Ráiteas | Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa |
|---|---|
| RF 5: Tá feasacht ag an scoláire ar luachanna pearsanta agus tuiscint ar phróiseas na cinnteoireachta morálaí. | Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil don scoláire scrúdú a dhéanamh ar raon ceisteanna ó dhearcadh eiticiúil; chun luachanna níos soiléire a fhorbairt agus le smaoineamh ar bhealach criticiúil faoin gcaoi a ndéanann sé cinntí bunaithe ar na luachanna seo agus ar smaointeoireacht shoiléir, loighciúil agus dhian. |
| RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu. | De réir mar a théann an scoláire i ngleic le fiosrúchán fealsúnachta maidir le roinnt de cheisteanna móra an tsaoil, spreagtar é/í chun cuimhneamh ar shamplaí agus ar dhearcthaí ó réimse comhthéacsanna cultúrtha, reiligiúnacha nó tíreolaíocha. Trí fhiosrú a dhéanamh ar choincheapa agus ar cheisteanna fealsúnachta, gheobhaidh an scoláire léirthuiscint ar raon luachanna, creideamh agus traidisiún a bhfuil cruth curtha acu ar an domhan mórthimpeall air agus gheobhaidh sé/sí tuiscint chomh maith ar uilíocht ceisteanna maidir le moráltacht agus córais chreidimh. |
| RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí bailí astu. | Spreagann an fhealsúnacht úsáid réasúnaíocht chúramach agus loighciúil agus an scoláire ag déanamh anailíse agus measúnaithe ar thairiscintí agus ar argóintí lena n áirítear falláis loighciúla, teacht ar chonclúidí agus teacht ar sheasamh measta. |

## Fealsúnacht agus príomhscileanna

I dteannta a n inneachair agus a n eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

### Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí





Cuireann an cúrsa seo deiseanna ar fáil chun tacú leis na príomhscileanna uile, ach tá roinnt díobh a bhfuil tábhacht ar leith leo. Sainaithníonn na samplaí thíos cuid de na gnéithe atá bainteach le gníomhaíochtaí foghlama san fhealsúnacht. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna ar leith a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

### Tábla 2: Naisc idir fealsúnacht sa tsraith shóisearach agus príomhscileanna

| An phríomhscil | Gné na príomhscile | Gníomhaíocht foghlama an scoláire |
|---|---|---|
| A bheith cruthaitheach | Roghanna a fhiosrú | Roghnaíonn an scoláire teicnící cuí chun fadhbanna a réiteach agus iarracht á déanamh aige/aici fadhbanna a réiteach trí argóint. Chun é seo a dhéanamh, lorgóidh sé/sí tuairimí agus dearcthaí éagsúla, cuimhneoidh sé/sí ar chásanna agus torthaí éagsúla, agus beidh sé/sí sásta a intinn a athrú. |
| A bheith liteartha | Smaointe a chur in iúl go soiléir agus le cruinneas | Spreagann an fhealsúnacht úsáid bheacht teanga agus réasúnaíocht chúramach i gcumarsáid ó bhéal agus scríofa. |
| A bheith uimheartha | Meon dearfach a fhorbairt i leith iniúchadh, réasúnaíochta agus réiteach fadhbanna | Tugtar uirlisí don scoláire sa ghearrchúrsa seo chun gnáthaimh smaointeoireachta a chleachtadh. Bogtar an bhéim ar obair an scoláire ón bhfreagra 'ceart' a aimsiú go dtí léirthuiscint a fháil ar an gcaoi a oibríonn na próisis um réiteach fadhbanna atá aige/aici. |
| Cumarsáid | Plé agus díospóireacht | Gheobhaidh an scoláire muinín de réir mar a ghlacfaidh sé/sí páirt i bplé sa seomra ranga agus a fhreagróidh sé/sí seasaimh chontrártha go cuiditheach, le hargóintí réasúnacha. |
| Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú | Eolas agus sonraí a bhailiú, a thaifeadadh, a eagrú agus a mheas | Baileoidh an scoláire smaointe ó raon foinsí agus déanfaidh sé/sí measúnú orthu agus foghlaimeoidh sé/sí conas sonraí a úsáid le tacú lena argóintí agus le breithnithe soiléire a dhéanamh.<br><br>Spreagtar é/í le machnamh a dhéanamh ar an tuiscint atá/aici agus an tuiscint sin a athbhreithniú i bhfianaise smaointe nua a dtagann sé/sí trasna orthu. |
| Mé féin a bhainistiú | Aithne orm féin | Trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí sa seomra ranga, lena n áirítear díospóireachtaí agus pléití ranga, foghlaimíonn an scoláire chun a láidreachtaí pearsanta a aithint agus feasacht a fhás faoi na tionchair a chuireann cruth ar a chreidimh agus a thoimhdí féin. |
| Fanacht folláin | A bheith dearfach faoin bhfoghlaim | Tá an cúrsa seo fréamhaithe i gceisteanna an scoláire féin agus ceadaíonn an próiseas um breithniúchán daonlathach dó a ghlór a chleachtadh agus brí agus taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim. Éisteacht a fháil agus meas a bheith air i bpobal fiosrúcháin a chruthaíonn cultúr dearfach sa seomra ranga. |
| Obair le daoine eile | Meas a léiriú ar éagsúlachtaí | Spreagann an cúrsa seo an scoláire chun dearcthaí éagsúla a chur san áireamh agus chun léirthuiscint a bheith aige ar éagsúlacht mar fhoinse foghlama saibhrithe. Tugann sé dúshlán do smaointeoireacht 'dubh agus bán' an scoláire. |

# Forbhreathnú: Cúrsa

**Tá an tsonraíocht do ghearrchúrsa fealsúnachta seo na sraithe sóisearaí bunaithe ar dheich snáithe:**




## Snáithe 1:

Snáithe bunúsach is ea bunús chun tabhairt faoin bhfealsúnacht, dírithe ar an bhfealsúnacht a chur i láthair an scoláire den chéad uair agus na scileanna éisteachta, comhoibrithe agus smaointeoireachta a thógáil atá ríthábhachtach le go mbeadh an scoláire rannpháirteach sna snáitheanna eile. Féadfaidh múinteoirí roghnú snáithe 1 a theagasc mar shnáithe scoite, ag tús an chúrsa, nó is féidir é a chomhtháthú thar na snáitheanna. Cuirfear na scileanna bunúsacha ar a ndírítear i snáithe 1 i bhfeidhm agus forbrófar i rith an ghearrchúrsa iad.

## Mar aon le snáithe 1, roghnóidh múinteoirí ceithre cinn ar bith díobh seo a leanas:

**Snáithe 2:** Fealsúnacht an eolais  
**Snáithe 3:** Fealsúnacht na teanga  
**Snáithe 4:** Fealsúnacht na healaíne  
**Snáithe 5:** Fealsúnacht an spóirt  
**Snáithe 6:** Fealsúnacht na heolaíochta agus na teicneolaíochta  
**Snáithe 7:** Fealsúnacht mhorálta  
**Snáithe 8:** Fealsúnacht shóisialta agus pholaitiúil  
**Snáithe 9:** Fealsúnacht an oideachais  
**Snáithe 10:** Fealsúnacht an reiligiúin

Cuirtear snáitheanna 2 go 10 i láthair mar shnáitheanna roghnacha agus féadfaidh múinteoirí ceithre shnáithe a roghnú, ag brath ar na topaicí a bhfuil suim ag an múinteoir agus an scoláire iontu. Ní gá na snáitheanna seo a theagasc in aon ord ar leith.

Féadfaidh múinteoirí chomh maith a dtopaicí féin don fhiosrúchán fealsúnachta a shainaithint agus a fhorbairt ag baint leas as an gcur chuige atá leagtha amach in Aguisín 2. D'fhéadfaí é sin a úsáid in ionad ceann de na ceithre snáitheanna.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe ar a dtugtar breac chuntas sa chuid measúnaithe den tsonraíocht seo an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, féadfaidh sé go mbeidh ar scoileanna an Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireoidh sé an fhoghlaim ar thug a scoláirí faoi. Féadfaidh scoileanna a ngearrchúrsa(í) féin agus Measúnú Rangbhunaithe gaolmhar a fhorbairt. Tá treoirlínte d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt ar fáil ar shuíomh gréasáin an CNCM.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Tá an gearrchúrsa fealsúnachta deartha le haghaidh timpeall 100 uair an chloig de rannpháirtíocht scoláirí.

# Teagasc agus foghlaim sa ghearrchúrsa fealsúnachta

Tá an smaoineamh gur cheart smaointe éagsúla a bhíonn in iomaíocht lena chéile uaireanta maidir le ceisteanna móra an tsaoil a nochtadh don scoláire lárnach i dteagasc na fealsúnachta. Mar thoradh air sin, modheolaíochtaí tábhachtach foghlama iad plé, breithniúchán agus díospóireacht. Oibríonn an múinteoir agus an scoláire le chéile mar phobal fiosrúcháin chun na ceisteanna agus fadhbanna a chíoradh. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de cheisteanna: 'Céard atá fíor?' 'An bhfuil údar le marú riamh?' 'An mbeirtear gach duine cothrom?' Is é aidhm an fhiosrúcháin tuiscint agus soiléireacht níos doimhne a fháil trí chomhrá machnamhach agus comhoibritheach.

Forbraítear scileanna nuair a 'dhéantar an fhealsúnacht' agus lorgaítear eolas ar bhealach gníomhach, comhroinnte. Teastaíonn seomra ranga daonlathach ina bhfaigheann gach duine éisteacht, agus ina mbreathnaítear ar ghuth gach duine, lena n áirítear an múinteoir, mar dhuine claonta agus ar gá é a cheistiú mar chuid de dhioscúrsa oscailte. Is gá chomh maith nach mbeadh an múinteoir agus an scoláire saor ó locht, mar tuigtear gur cuid den fhoghlaim agus den fhiosrúchán fealsúnachta is ea gan eolas a bheith agat agus d'intinn a athrú. Tá cáilíocht an fhreagra sa phróiseas a bhaineann le freagraí a chuardach seachas sa fhreagra féin. Go deimhin, ní dócha gur bhfaighfear freagraí críochnúla: ina ionad sin d'fhéadfadh 'mearbhall níos mó' a bheith ar an scoláire agus d'fhéadfadh sé fiú luach a chur ar an míchompord intleachtúil a thiocfaidh leis an 'éiginnteacht'.

Is gá na scileanna a theastaíonn le bheith páirteach i bpobal fiosrúcháin a mhúineadh. Ní mór don scoláire foghlaim le meas a léiriú ar thuairimí daoine eile trí éisteacht go smaointeach agus go cúirtéiseach, an chaoi le léirmheas a dhéanamh ar argóintí agus freagairt dóibh go dearfach, an chaoi le mothúcháin phearsanta agus spadhar a bhainistiú, srl. Foghlaimíonn gach duine chun a sheal a thógáil chun ceisteanna a chur, tuairimí a chur in iúl, argóintí a dhéanamh, samplaí a thabhairt agus frithargóintí a dhéanamh. Is é an aidhm tuiscint níos doimhne ar an gceist a fhorbairt agus soiléireacht maidir léi, agus ní an teacht i láthair ná an argóint féin a bhuachan.

Chun fiosrúchán fealsúnachta sa seomra ranga a éascú, teastaíonn oideolaíocht chriticiúil agus chruthaitheach ina gcuirtear luach ar ról gníomhach na bhfoghlaimeoirí i dtáirgeadh brí agus dá réir sin go dtéann sé i bhfad níos faide ná húsáid mheicniúil aon mhodh teagaisc amháin.  Tá raon leathan gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama rannpháirteacha agus dírithe ar an bhfiosrúchán cuí. D'fhéadfadh múinteoirí grianghraif, míreanna scannáin, litríocht, ceol, drámaíocht, nó ealaín a úsáid mar spreagadh chun ceisteanna a ardú. Féadfaidh siad turgnaimh smaointe, foghlaim bunaithe ar fhadhbanna, mapáil argóna, mapáil choincheapa, dialanna smaoinimh, teicnící ceistithe agus straitéisí teagaisc agus foghlama eile a úsáid chun tacú le forbairt scileanna an scoláire i smaoineamh fealsúnach.   D'fhéadfaí é a spreagadh le dialann fealsúnachta (cóip leictreonach nó chrua) a úsáid chun cuntas a choinneáil de dhul chun cinn an fhiosrúcháin fealsúnachta agus de na ceisteanna móra atá pléite ag an scoláire. Go sonrach, d'fhéadfaí fianaise a léiriú ann ar na dearcthaí éagsúla ar smaoiníodh orthu, ar na tátail phearsanta a bhain an scoláire as, ceisteanna eile a tháinig chun cinn tríd an bhfoghlaim agus na smaointe a bhí aige/aici faon bhfoghlaim.

Beidh go leor de na modheolaíochtaí teagaisc atá san fhoireann uirlisí teagaisc príomhscileanna an chabhrach sa chomhthéacs seo agus is féidir iad a íoslódáil ag http://www.juniorcycle.ie/Planning/Key Skills.

# Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh sé go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

## Torthaí foghlama

Is ráitis iad na *torthaí foghlama* a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna is cóir don scoláire a bheith in ann a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa fealsúnachta sa tsraith shóisearach a chur i gcrích. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

# Snáithe 1: Bunús chun tabhairt faoin bhfealsúnacht

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Réamhrá leis an bhfealsúnacht | 1.1. míniú céard is fealsúnacht ann<br>1.2. bunús na fealsúnachta a rianú agus roinnt dá smaointeoirí móra ón ré chlasaiceach go dtí an lá atá inniu ann a ainmniú<br>1.3. ceisteanna a aithint atá *coitianta* (a bhíonn ag gach duine), *lárnach* (a chabhraíonn linn tuiscint a fháil orainn féin agus ar an domhan timpeall orainn) agus *inchonspóide* (atá ina n ábhar argóinte agus tuiscintí éagsúla)<br>1.4. 'Céard iad na ceisteanna móra atá agam?' a shainaithint agus 'Conas is féidir liom dul i ngleic leis na ceisteanna sin?'<br>1.5. teacht ar chomhaontú mar rang maidir le roinnt 'ceisteanna móra' ba mhaith leo a iniúchadh mar chuid den chúrsa seo |
| Pobal fiosrúcháin a thógáil | Bheith páirteach i gcomhrá trí bheith in ann:<br>1.6. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach le tuairimí eile<br>1.7. smaointe agus faisnéis éagsúil a lorg d'fhonn seasamh níos eolaí a bhaint amach<br>1.8. ceisteanna ábhartha agus grinn a chur ag an am ceart, ar an gcúis cheart<br>1.9. teanga na réasúnaíochta a úsáid le linn comhráite<br>1.10. argóint shoiléir a chur i láthair agus a bheith in ann é a chosaint (m.sh. samplaí a thabhairt, frithshamplaí a thabhairt, sainmhínithe a thabhairt, critéir a aimsiú, cur le smaointe eile, ceangailtí a fheiceáil)<br>1.11. argóint nó sraith argóintí a leagan amach (m.sh. bunús, fianaise agus conclúid a thabhairt)<br>1.12. mothúcháin a léiriú ar bhealaí cuí |

## Torthaí foghlama

| Foghlaimíonn scoláirí faoi | Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire |
|---|---|
| Uirlisí don smaointeoireacht a fhorbairt | 1.13. cabhrú le daoine eile a mhothú go bhfuil siad mar chuid den ghrúpa |
| | 1.14. machnamh a dhéanamh ar an dóigh ar ghlac siad páirt san fhoghlaim |
| | 1.15. smaoineamh faoina gcuid smaointeoireachta |
| | 1.16. an difríocht idir argóint, míniúchán agus scéilín a mhíniú |
| | 1.17. nuair atáthar ag éisteacht le duine nó ag léamh téacs, a bheith in ann breith a dhéanamh cibé an bhfuil argóint bhailí agus mhaith á déanamh ag an gcainteoir nó ag an scríbhneoir |
| | 1.18. cineálacha éagsúla réasúnaíochta a shainaithint (m.sh. déaduchtach agus ionduchtaitheach) |
| | 1.19. roinnt laigí coitianta sa réasúnaíocht a shainaithint (m.sh. falláis a bhaineann le hábharthacht, achainí ar thrua nó mothúchán, achainí ar údarás, fear soip a úsáid, argumentum ad hominem, srl.) agus a bheith in ann samplaí de roinnt de na falláis seo sa saol laethúil a shainaithint |

**Príomhchoincheapa**

Pobal fiosrúcháin, ceistiú, smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht cruthaitheach, smaointeoireacht chomhoibritheach, smaointeoireacht chúramach, réasún, coincheap, luachanna, argóint, loighic, réamhleagan, fianaise, conclúid, toimhdí, sampla, critéir, catagóir, malairt, tuairim, fíric, claonadh cognaíoch, braistint, cúis, éifeacht, láidreacht, laige, fallás.

**Acmhainní molta**

Law, S. (2013). *The great philosophers*. Londain: Quercus.

Robinson, D. & Groves, J. (2013). *Introducing philosophy: A graphic guide*. Londain: Penguin.

Warburton, N. (2011). *A little history of philosophy*. Yale University Press.

# Snáithe 2: Fealsúnacht an eolais

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

2.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

2.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

2.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

2.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

2.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

2.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Caidreamh inchinne/coirp, eolas/braistint, réadúlacht, fírinne, seachmall, smaoineamh, céadfaí, samhlaíocht, taithí, creidimh, cuimhní cinn, teanga, mothúchán, féin, intleacht shaorga, teicneolaíochtaí a bhreisíonn an inchinn, inscne, cultúr, áilleacht, sceipteachas, coibhneasacht.

**Ceisteanna treoracha**

- Cén uair is féidir linn a rá go cinnte go bhfuil rud ar eolas againn?
- Céard is ciall le rá go bhfuil eolas agat ar dhuine/rud?
- An féidir le duine ar bith eile tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a mhothaíonn sé i m'intinn?
- An féidir leat rud a bheith ar eolas agat trí instinn nó tríd an gcuma atá air?
- An gcuidíonn nó an gcuireann mothúcháin isteach ar eolas?
- An rud ar leithligh ón inchinn í an intinn?
- Cad é an caidreamh idir ár n intinn agus ár gcorp?
- An bhfuil réasúnaíocht ag ainmhithe?
- An ndéanann fir agus mná réasúnaíocht agus an mbíonn eolas acu ar bhealach éagsúil?
- An bhfuil teorainneacha leis na rudaí ar féidir linn eolas a fháil orthu?
- Má úsáideann tú teicneolaíochtaí a bhreisíonn an inchinn roimh scrúdú, an caimiléireacht atá ann?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agam nach bhfuil an domhan fíorúil?
- An bhfuil úinéireacht ag Google ar eolas?

**Acmhainní molta**

Law S. (2000). *The philosophy files: What's it all about?* Orion Children's Books.

Law S. (2003). 'What is knowledge?' in *The philosophy gym*. Nua Eabhrac: St Martin's Press.

Tittle P. (2004). *What if...:Collected thought experiments in philosophy*. Pearson.

Belenky, M. et al., (1986). *Women's Ways of Knowing*. Nua Eabhrac: Basic Books.

# Snáithe 3: Fealsúnacht na teanga

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

3.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

3.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

3.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

3.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

3.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

3.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Brí, eolas/fios a bheith agat, teanga, tuiscint, tuairisciúil, saintreorach, mothúchánach, áititheach, tátal, cumarsáid neamhbhriathartha, réadúlacht, fírinne, bréag, bolscaireacht, miotas, scéalta, ionramháil, inscne, cultúr.

**Ceisteanna treoracha**

- Cá as a dtagann teanga?
- Cén chaoi ar féidir linn an chiall atá le focail a thuiscint?
- Cad é an caidreamh idir an teanga agus an domhan?
- An gcuireann teanga cruth ar ár smaointe?
- An féidir smaoineamh gan focail?
- Céard é an nasc idir focail agus mothúcháin?
- An féidir cumhacht a bheith le focail? Cé a ainmníonn an domhan?
- Céard is bréag ann?
- Cén chúis go n insíonn daoine scéalta?
- An ann do theanga go fóill mura labhraíonn aon duine í?
- An úsáideann agus an dtuigeann cailíní/mná teanga ar bhealach difriúil is a úsáideann agus a thuigeann buachaillí/fir í?
- An úsáideann ainmhithe teanga?

**Acmhainní molta**

'Allegory of the Cave' (Plato).

John Searle maidir le fealsúnacht na teanga.

Noam Chomsky maidir leis an intinn agus teanga.

# Snáithe 4: Fealsúnacht na healaíne

## (lena n áirítear amharcealaíona, ceol, filíocht, scannán, faisean, srl.)

### Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

4.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

4.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

4.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a chruthú

4.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa araon) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

4.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

4.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Áilleacht, luach, teibí, ionadaíoch, léirmhíniú, breith, mealladh, teachtaireachtaí fo thairseachúla, comhdhéanamh, atmaisféar, mothúchán, fírinne, seachmall, smaoineamh, cumarsáid, inscne, cultúr.

**Ceisteanna treoracha**

- Céard é agus nach é saothar ealaíne?
- Cén chaoi ar féidir linn rud a insint agus cé a dhéanann cinneadh?
- Cén chúis go gcruthaíonn daoine ealaín?
- Céard atá coitianta idir na healaíona éagsúla?
- An féidir a bheith oibiachtúil agus measúnú á dhéanamh ar ealaín?
- Cén chúis a bhfuil an ealaín ann?
- An cuma céard a bhí i gceist ag an ealaíontóir?
- Céard a thugann luach do rud éigin?
- An bhfuil gach duine in ann saothar ealaíne a chruthú?
- Céard é an caidreamh idir ealaín agus áilleacht, ealaín agus fírinne, ealaín agus moráltacht, ealaín agus folláine an duine?

**Acmhainní molta**

*'Philosophy of Art'* in *Encyclopaedia Britannica Online*.
www.britannica.com/topic/philosophy of art
'The Definition of Art' in *The Stanford Encyclopaedia of Philosophy*.
http://plato.stanford.edu/entries/art definition/
'Philosophy of Film' in *The Stanford Encyclopaedia of Philosophy*.
http://plato.stanford.edu/entries/film/

# Snáithe 5: Fealsúnacht an spóirt

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

5.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

5.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

5.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

5.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

5.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

5.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Cluichí, spóirt, spraoi, comórtas, buaiteoir/caillteoir, breithiúnas, cóir/míchóir, smacht, caidreamh intinne/coirp, teicneolaíochtaí a chuireann leis an bhfeidhmiú, spreagadh, aonarachas, foireann, ceannaireacht, inscne, cultúr.

**Ceisteanna treoracha**

- Cad is ciall le spórt?
- Cén chúis a bhfuil spórt ann?
- An ainmhithe iad daoine a imríonn cluichí go nádúrtha?
- An bhfuilimid iomaíoch ó dhúchas?
- Céard é an difríocht idir cluiche agus spórt?
- Ar cheart buntáistí géiniteacha a chur san áireamh i gcomórtais spóirt?
- Cé leis is mó a thaitníonn comórtas?
- Céard is ciall le bheith i do cheannaire spóirt?
- An féidir leis an té a chailleann a bheith ina bhuaiteoir ag an am céanna?
- An bhfuil sé ceart go leor riamh na rialacha a bhriseadh ar mhaithe le buachan? An féidir seasamh riamh le drugaí a chuireann leis an bhfeidhmiú?
- Ar cheart spóirt áirithe a thoirmeasc? An bhfuil spóirt áirithe mímhorálta?
- An bhfuil luach níos airde ar éachtaí acadúla ná ar chumas spóirt?

**Acmhainní molta**

Suíomh gréasáin an British Philosophy of Sport Association: http://philosophyofsport.org.uk/resources/philosophy sport/

Syed, M. (2011). *Bounce: Mozart, Federer, Picasso, Beckham and the science of success*. Harper Collins. (Sleachta le fáil ar líne lena n íoslódáil.)

# Snáithe 6: Fealsúnacht na heolaíochta agus na teicneolaíochta

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

6.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

6.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

6.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

6.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

6.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

6.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Eolas, dul chun cinn, modh, breithniú, hipitéis, turgnamhaíocht, fíorú, léirmhíniú, cúis/éifeacht, toiliú, freagracht, cearta, dualgais, eitic, ionstraimeachas, cógaisíocht mhór, biteicneolaíocht, speicis i mbaol.

**Ceisteanna treoracha**

- Céard is eolaíocht ann?
- Cén chaoi a bhfuil eolas eolaíochta éagsúil ó chineálacha eile eolais?
- Céard iad toimhdí na heolaíochta?
- An bhfuil a leithéid de rud ann agus modh eolaíochta?
- An féidir gach rud a mhíniú le heolaíocht?
- Cad é an gaol idir an rud a chreidimid agus an rud a fheicimid?
- An bhfuil eolaíocht agus moráltacht comhoiriúnach?
- Ar cheart dúinn ainmhithe a úsáid i dturgnaimh eolaíochta? Céard faoi dhaoine a úsáid?
- Ar cheart go mbeadh teorainneacha le húsáid na biteicneolaíochta? Cén chaoi ar cheart teorainneacha a shocrú?
- An gcuireann an teicneolaíocht folláine daoine chun cinn i gcónaí? Cén uair a dhéanann sí dochar?
- An féidir leis an eolaíocht agus teicneolaíocht ár bhfadhbanna uile a réiteach?
- An mbeidh an teicneolaíocht in ann ár ndomhan leochaileach a shábháil?

**Acmhainní molta**

Aristotle: mar bhunaitheoir na fealsúnachta agus na heolaíochta; René Descartes: cur chuige eolaíochta nua; Karl Popper: inbhréagnaitheacht; Edmun Gettier: creideamh agus fios a bheith agat;

Sir Isaac Newton: eimpíreachas. Tugtar achoimre orthu seo agus ar smaointe eile in alt 'Philosophy of Science' in *Encyclopaedia Britannica Online*.

# Snáithe 7: Fealsúnacht mhorálta

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

7.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

7.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

7.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

7.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

7.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

7.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Morálta/mímhorálta, eitic, maith, olc, ceart/mícheart, fírinne, oibiachtachas, absalóideachas, coibhneasacht, dualgas, freagracht, rún, iarmhairt, saorthoil, údarás, ceartas, dlí, nádúr an duine, luach saothair, pionós, ciontacht, fóntachas, héadónachas, eitic chomhshaoil, eitic ghné, eitic an fheimineachais, dáileadh saibhris.

**Ceisteanna treoracha**

- Céard is maitheas ann?
- An é an sonas an maitheas is airde?
- Céard is saol maith ann?
- Cén chaoi a mbeidh a fhios agam céard é an gníomh ceart?
- An mbíonn ceart agus mícheart údarásach ann i gcónaí?
- Cén fáth ar cheart dom a bheith go maith/morálta?
- An féidir leat a bheith i do dhuine maith agus drochrudaí a dhéanamh?
- An bhfuil sé ceart go leor riamh duine eile a mharú?
- An bhfuil sé eiticiúil orgáin dhaonna a cheannach?
- An bhfuil cearta ag ainmhithe? An bhfuil dualgas ar dhaoine an dúlra a chosaint?
- An iad na hiarmhairtí a bhíonn ag gníomhartha an rud is tábhachtaí ar fad?
- Más toil linn an chríoch ní mór toiliú leis an gcaoi, an bhfuil dlí ar an riachtanas?
- An mbíonn 'cogadh cóir' riamh?

**Acmhainní molta**

Suíomh gréasáin BBC: http://www.bbc.co.uk/ethics/introduction/

Immanuel Kant: universal duty; Jeremy Bentham & John Stuart Mill: utilitarianism.

Robert Nozick's thought experiment *The Experience Machine*.

Law, S. (2000). 'Where do right and wrong come from?' File 6 in *The Philosophy Files*.

Singer, P. & R. (2005). *The moral of the story: An anthology of ethics through literature*. Blackwell.

# Snáithe 8: Fealsúnacht shóisialta agus pholaitiúil

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

8.1. éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

8.2. tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

8.3. anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

8.4. argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

8.5. cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú.

8.6. machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Nádúr an duine, ról an rialtais, údarás, saoirse, ceartas, coireacht agus pionós, cosaint chearta an duine, daonlathas, deachtóireacht, ainrialtacht, sóisialachas, cumannachas.

**Ceisteanna treoracha**

- An gá do dhaoine a bheith mar chuid de shochaí le bheith faoi bhláth?
- Cén chúis atá le rialtas?
- Céard is saoirse ann? An bhfuilimid saor i ndáiríre?
- Cén teorainneacha, más ann dóibh, ba cheart a chur ar shaoirse saoránach aonair?
- Céard is comhionannas ann? An gciallaíonn caitheamh le gach duine go cothrom caitheamh mar a chéile le gach duine? Ar cheart don stát seasamh isteach chun éagothroime a leigheas?
- Céard is ceartas ann? Ar cheart dúinn cloí leis an dlí/na rialacha fiú mura bhfuil siad féaráilte?
- Cén chúis atá le príosúin?
- Céard a thugann an ceart do dhaoine bheith i réim?
- An ndéanann ár n ionadaithe poiblí ionadaíocht thar ceann na ndaoine ar fad?
- Cén chúis go bhfuil níos mó fir ná mná ina bpolaiteoirí?
- An dtruaillíonn cumhacht i gcónaí?
- An bhfuil mná agus fir cothrom i sochaí an lae inniu?

**Acmhainní molta**

Sleachta ó Plato's *Republic;* John Rawls: *A Theory of Justice*; Thomas Hobbs: *Leviathan*; John Locke: *Two Treatises of Government*; Simone De Beauvoir: *The Second Sex*.

*The Stanford Encyclopaedia of Philosophy:* http://plato.stanford.edu/.

# Snáithe 9: Fealsúnacht an oideachais

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

9.1 éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

9.2 tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

9.3 anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a ghlacadh

9.4 argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

9.5 cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

9.6 machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Oideachas, foghlaim, oiliúint, comhionannas, intleacht, scileanna, forbairt an duine, ceartas, comhionannas, na healaíona agus na heolaíochtaí.

**Ceisteanna treoracha**

- Cén chúis go bhfuil scoil ann?
- Cén chuma a bheadh ar chothroime agus cothromas san oideachas?
- An bhfuil intleacht inbheirthe?
- An bhfuil difríocht idir oideachas agus oiliúint?
- An gá do gach duine dul ar scoil chun oideachas a fháil?
- Céard a thomhaistear i dtástálacha agus scrúduithe?
- Céard is ciall le hoideachas maith a bheith ort?
- An stopann an fhoghlaim tar éis an oideachais fhoirmiúil?
- An bhfuil na healaíona níos uachtaraí ná na heolaíochtaí? (nó a mhalairt?)
- Céard é an rud is tábhachtaí is gá duit a fhoghlaim sa saol?

**Acmhainní molta**

Sleachta ó Plato's *Republic;* Rousseau: *Emile*; CP Snow: *The Two Cultures*; John Henry Newman: *The Idea of a University;* John Dewey: *Democracy and Education* and *My Pedagogic Creed;* Paulo Freire: *Pedagogy of the Oppressed*

The Stanford Encyclopaedia of Philosophy :

http://plato.stanford.edu/entries/education philosophy/

# Snáithe 10: Fealsúnacht an reiligiúin

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

10.1 éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile

10.2 tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha

10.3 anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a chruthú

10.4 argóintí (ó bhéal agus scríofa araon) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil

10.5 cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú

10.6 machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

Dia, creideamh, luachanna, maith/olc, fulaingt, bheith ar marthain agus brí, bunús an tsaoil, saol eile, moráltacht, fírinne, críonnacht, aindiachas, agnóiseachas, daonnachas.

**Ceisteanna treoracha**

- An bhfuil Dia ann?
- Cá bhfios dúinn?
- Má tá Dia fireann, an Dia atá san fhireann?
- Cén fáth a gceadaíonn Dia uilechumhachtach do dhaoine maithe fulaingt?
- Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás?
- Mura bhfuil aon saol tar éis an bháis, cén fáth ar cheart dúinn saol maith a chaitheamh?
- An dteastaíonn reiligiún ó dhuine chun saol morálta a chaitheamh?
- An bhfuil a chumhacht sa domhan caillte ag an reiligiún?
- An mbeadh níos mó saoirse sa domhan d'uireasa reiligiún?
- An é an reiligiún 'óipiam an duine'?
- Céard is taithí reiligiúnach ann?
- An féidir le creideamh a bheith ann gan tuiscint?

**Acmhainní molta**

Sleachta ó Aquinas, Anselm, David Hume, Karl Marx, Richard Dawkins.

# Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama oiriúnach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a thugann  an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama cosúil le ceistiúchán, plé, argóint, míniú, éisteacht, comhoibriú agus cur i láthair. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a phiaraí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu bunaithe ar an aiseolas a thugann agus a fhaigheann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire de réir mar a fhorbraíonn sé a scileanna san fhealsúnacht agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid agus nuair a dhíríonn tuairisciú ní hamháin ar conas a d'éirigh leis an scoláire san am a chuaigh thart, ach ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh breis foghlama. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Tá Foireann Uirlisí don Mheasúnú ar fáil ar líne chun tacú le múinteoirí agus le scoileanna. I dteannta an treoirleabhair faoin bpróiseas a bhaineann leis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ), cuireann an Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta don fhoghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú ar fáil.

# Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann Measúnuithe Rangbhunaithe agus ócáidí nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach nó na measúnaithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí na sraithe sóisearaí. Nuair is féidir, glacfaidh múinteoirí na ngearrchúrsaí páirt i gcruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú.

## Measúnú Rangbhunaithe: Fiosrúchán fealsúnachta

Comhlánóidh an scoláire fiosrúchán fealsúnachta mar Mheasúnú Rangbhunaithe (CBA).

Tugtar deis don scoláire ceist fhealsúnach a roghnú a bhfuil spéis phearsanta aige inti ó cheann de na snáithe a bhfuil staidéar déanta aige uirthi, agus an cheist seo a fhiosrú thar thréimhse ama chun cur i láthair a dhéanamh. Tugtar deiseanna don scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe seo fianaise dá scileanna chun 'fealsúnacht a dhéanamh' a léiriú, go háirithe a scileanna chun ceisteanna a chur, taighde a dhéanamh ar dhearcthaí éagsúla, plé, comparáid a dhéanamh, míniú, achoimriú, naisc a dhéanamh, difríochtaí, fadhbanna a réiteach agus teacht ar chonclúidí. Beifear ag súil chomh maith go ndéanfaidh sé tagairt do smaointeoirí eile a cheap sé a bhí suimiúil agus é ag smaoineamh faoin gceist seo.

Féadfaidh an scoláire roghnú chun a fhiosrúchán fealsúnach a chur i láthair i scríbhinn, ó bhéal nó i bhformáid dhigiteach. Tugtar deiseanna don scoláire sa ghníomhaíocht seo chomh maith comhoibriú le daoine eile sa rang agus a fhiosrúchán á dhéanamh aige agus é ag réiteach dá chur i láthair.

Cuspóir faoi leith den mheasúnú rangbhunaithe is ea aiseolas forbartha don scoláire a éascú le linn dó a bheith páirteach sa ghníomhaíocht agus ag deireadh an phróisis. Is féidir an Measúnú Rangbhunaithe don ghearrchúrsa fealsúnachta a chur i gcrích sa dara bliain nó sa tríú bliain.

## Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun an fiosrúchán fealsúnachta a mheas.

Beidh ábhar níos mionsonraithe maidir le measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa seo, lena n áirítear gnéithe a bhaineann le caighdeán agus sonraí na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú ar an Measúnú Rangbhunaithe, ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith don ghearrchúrsa seo. Cuimseoidh na treoirlínte, mar shampla, na céimeanna molta a bhaineann le tabhairt faoin bhfiosrúchán fealsúnachta, an fad agus na leaganacha amach a mholtar le haghaidh cur i láthair an scoláire, agus tacaíocht i dtaca le breithiúnas 'ar an iomlán' a úsáid i ndáil leis na gnéithe cáilíochta.

## Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d'fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba chóir go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanas speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire foghlaim agus an measúnú a rochtain bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt smaointe a chur i láthair agus in iúl trí phictiúir agus trí fhotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta/a tharraingt/a scríobh/a chlóscríobh/a chruthú. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d'fhéadfadh sé nó sí tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iar bhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi mhíchumais ghinearálta foghlama ar fáil anseo.

# Aguisín 1: Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. De ghnáth bíonn baint ag an eolas, ag an scil agus ag an gcumas a ghnóthaítear le haghaidh theistiúchán agus dhámhachtainí Leibhéal 3 le forbairt phearsanta, le rannpháirteachas sa tsochaí agus sa phobal, le fostaíocht, agus le fáil ar oideachas agus ar oiliúint bhreise.

| **Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí** | **3** |
|---|---|
| **Eolas**<br>*Fairsinge* | Raon sách fairsing eolais |
| **Eolas**<br>*Cineál* | Tagairt nithiúil den chuid is mó agus roinnt tuisceana ar an ngaol idir gnéithe eolais |
| **Fios gnó agus scil**<br>*Raon* | Raon teoranta scileanna agus uirlisí praiticiúla agus cognaíocha a thaispeáint |
| **Fios gnó agus scil**<br>*Roghnaíocht* | Roghnú ó raon teoranta gnásanna éagsúla agus réitigh ar eolas a chur i bhfeidhm ar raon teoranta d'fhadhbanna intuartha |
| **Inniúlacht**<br>*Comhthéacs* | Gníomhú laistigh de raon teoranta comhthéacsanna |
| **Inniúlacht**<br>*Ról* | Gníomhú faoi threoir le neamhspleáchas teoranta; feidhmiú i ngrúpaí aonchineálacha a bhfuil cleachtadh orthu |
| **Inniúlacht**<br>*Foghlaim le foghlaim* | Foghlaim le foghlaim i dtimpeallacht bhainistithe |
| **Inniúlacht**<br>*Léargas* | Glacadh le freagracht theoranta as leanúnachas féintuisceana agus iompair. |

# Aguisín 2: Teimpléad pleanála

Féadfaidh múinteoirí a snáithe féin a fhorbairt maidir le topaic a bhfuil suim acu féin agus a scoláirí ann trí leas a bhaint as an teimpléad pleanála seo.

**Teideal an tsnáithe:**

## Torthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire**

- éisteacht go cúramach, go criticiúil agus go hómósach lena chéile
- tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a lorg maidir leis na ceisteanna atá á bplé, lena n áirítear tagairtí d'fhealsaimh nó do theoiricí ábhartha
- anailís agus comparáid a dhéanamh ar smaointe agus a bheith in ann tógáil ar smaointe daoine eile chun seasamh pearsanta a chruthú
- argóintí (ó bhéal agus scríofa) a chruthú ina gcuirtear i láthair dearcadh soiléir agus loighciúil
- cabhrú chun pobal ceisteach criticiúil, cruthaitheach, comhoibríoch agus báúil a chruthú
- machnamh ar an gcaoi a bhfuil a scileanna smaointeoireachta agus comhoibritheacha á bhforbairt ag an bhfoghlaim

**Príomhchoincheapa**

**Ceisteanna treoracha**

**Fealsaimh ábhartha**

**Ábhair spreagthacha agus acmhainní teagaisc**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS

Sonraíocht don **tSraith Shóisearach**
© 2016 Rialtas na hÉireann